Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15234/24**

**EDUC 407**
**COMPET 1082**
**SOC 809**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Borradh a chur faoi scileanna a sheasfaidh an aimsir agus faoin iomaíochas tríd an ardoideachas<br>– *Díospóireachtbheartais* |

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoiste Oideachais, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta cúlra atá i gceangal leis seo, atá á thíolacadh le bheith mar bhonn don díospóireacht bheartais a bheidh ar siúl ag an gcruinniú den Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an 25 Samhain 2024.

**Borradh a chur faoi scileanna a sheasfaidh an aimsir agus faoin iomaíochas tríd an ardoideachas**

*Nóta cúlra ón Uachtaránacht*

**Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna agus bearnaí scileanna**

Cuirtear i dtábhacht i dtuarascáil Draghi 2024[1] nach mór don Aontas aghaidh a thabhairt go práinneach ar na bearnaí scileanna atá aige chun a iomaíochas a choinneáil ar bun agus a fheabhsú ar an leibhéal domhanda, ós rud é go bhfuil an Eoraip ag titim ar gcúl faoi láthair, go háirithe i gcomparáid leis na Stáit Aontaithe agus leis an tSín. Luaitear sa tuarascáil gur bacainn shuntasach ar lucht saothair oilte a thógáil í an tearcghnóthachtáil sna bunscileanna. Cuirtear i bhfios go láidir inti freisin gur dócha go n-éireoidh ganntanais oibrithe ardoilte níos géire le himeacht ama. Léirítear sna réamh-mheastacháin go dtí 2035 go mbeidh an ganntanas lucht saothair is suntasaí le brath i ngairmeacha ardoilte intleachta – i.e. iad siúd a bhfuil ardleibhéal oideachais ag teastáil ina leith – arna spreagadh ag riachtanais athsholáthair mar gheall ar dhul ar scor agus éilimh athraitheacha mhargadh an tsaothair. Tugtar le fios sa tuarascáil gur measa an bhearna scileanna sin mar gheall ar easpa ailínithe idir córais oideachais agus oiliúna agus na héilimh shaothair atá ann, rud a chuireann bac ar chumas na hEorpa dul in iomaíocht go héifeachtach sa gheilleagar domhanda atá ag athrú go tapa. Sainaithnítear inti réimsí ríthábhachtacha inar gá lucht saothair na hEorpa a neartú, go háirithe i dteicneolaíochtaí digiteacha, tionscail ghlasa agus ardmhonaraíocht. Trí dhíriú ar thionscnaimh uas-scilithe agus athscilithe, go háirithe sna hearnálacha straitéiseacha sin, is féidir leis an Eoraip lucht saothair níos iomaíche, níos nuálaí agus níos athléimní a thógáil a bheidh in ann fás inbhuanaithe a spreagadh.

1 Tuarascáil maidir le 'todhchaí iomaíochas na hEorpa', a sheol Mario Draghi an 9 Meán Fómhair 2024.

Moltar i dtuarascáil Draghi cur chuige Eorpach i leith forbairt scileanna, agus comhar á ghiaráil idir institiúidí ardoideachais, rialtais agus an earnáil phríobháideach. Moltar ann comhpháirtíochtaí láidre trasteorann a chothú lena nasctar institiúidí oideachais agus oiliúna le riachtanais na tionsclaíochta. Trí ionchur ó pháirtithe leasmhara éagsúla a chorprú, d'fhéadfadh na Ballstáit freagairt ar an éileamh ar scileanna ar fud na hEorpa trína gcórais oideachais agus oiliúna. Ligfeadh sé seo do mhic léinn an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha a fháil chun go n-éireoidh leo sa gheilleagar domhanda. Ní hamháin go bhfeabhsaíonn scileanna nua cumais ghairmiúla an duine aonair ach cuireann siad go mór lena fhorbairt phearsanta agus ligeann siad dó páirt a ghlacadh san fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Sheol an tAontas roinnt príomhthionscnamh arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar fhorbairt scileanna, lena n-áirítear an Limistéar Eorpach Oideachais, an Clár Oibre Eorpach um Scileanna, an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, agus an Comhshocrú um Scileanna. Tá ról ríthábhachtach ag clár Erasmus+ agus ag cláir mhalartaithe náisiúnta agus réigiúnacha eile i bhforbairt scileanna freisin trí thionscadail soghluaisteachta agus chomhair a mhaoiniú lena bhfeabhsaítear deiseanna foghlama thar theorainneacha.

**An chéim Eorpach atá beartaithe**

De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún[2], chuideodh an chéim Eorpach atá beartaithe freisin le dul i ngleic leis an mbearna scileanna trí fhorbairt clár céime comhpháirtí a chothú, cláir a bheadh ailínithe go dlúth le riachtanais mhargadh an tsaothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ar fud na mBallstát. Leis an gcéim Eorpach, dhéanfaí iarracht comhthiomsú acmhainní agus saineolais a chumasú, rud a thabharfadh rochtain d'fhoghlaimeoirí ar scileanna agus eolas ceannródaíoch atá ríthábhachtach in earnálacha atá ag teacht chun cinn ar nós teicneolaíochtaí glasa agus tionscail dhigiteacha. Tá sainiú beacht ar na critéir don chéim Eorpach atá beartaithe, mar shampla i dtéarmaí ábharthacht mhargadh an tsaothair, fós le socrú ag an gComhairle. Mar chuid den phróiseas comhchruthaithe le haghaidh céim Eorpach a d'fhéadfadh a bheith ann, pléadh an caidreamh le Próiseas Bologna, mar aon le gnéithe inmheánacha agus seachtracha den dearbhú cáilíochta, agus forbairt na dtionscnamh atá beartaithe i bhfianaise na n-inniúlachtaí náisiúnta. Tá gá le tuilleadh plé, go háirithe i bhfianaise, *inter alia*, na tuarascála ar thorthaí deiridh thionscadail turgnamhaíochta beartais Erasmus+ maidir le lipéad céime Eorpaí agus stádas dlíthiúil Eorpach a d'fhéadfadh a bheith ann do chomhghuaillíochtaí idir institiúidí ardoideachais. Mar sin féin, chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar mhímheaitseáil scileanna agus bearnaí scileanna, tá éagsúlacht na gclár céime dúbailte comhpháirteach agus na ngníomhaíochtaí ríthábhachtacha soghluaisteachta agus malartaithe ag teastáil ón Eoraip, agus aitheantas iomlán creidmheasa ann do gach mac léinn. Tá an cheist maidir le maoiniú na céime Eorpaí a d'fhéadfadh a bheith ann – d'institiúidí ardoideachais agus do mhic léinn araon – ríthábhachtach freisin ó thaobh an iomaíochais de agus ní mór í a phlé go mion. Tá inmharthanacht airgeadais fhadtéarmach agus soláthar comhionannais deiseanna ríthábhachtach do gach institiúid ardoideachais chun fás socheacnamaíoch cothrom agus cuimsitheach a áirithiú san Eoraip.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Márta 2024 maidir le treoirphlean le haghaidh céim Eorpach (COM(2024) 144 final).

**Tacú le hinstitiúidí ardoideachais na hEorpa chun feabhas a chur ar an iomaíochas**

In ainneoin bonn láidir a bheith faoin oideachas san Eoraip, deirtear go soiléir i dtuarascáil Draghi go bhfuil sé deacair uirthi leas a bhaint as an acmhainneacht seo don fhás eacnamaíoch agus don iomaíochas. Ina theannta sin, cuirtear i dtábhacht sa tuarascáil, cé go bhfuil gnóthachtáil fhoriomlán oideachais bainte amach ag an Eoraip – agus céimeanna ardoideachais ag sciar suntasach den daonra – nach leor an méid sin ó thaobh céimithe ardoilte a tháirgeadh i réimsí criticiúla ar nós na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM). Tá sé d'acmhainn ag institiúidí ardoideachais Eorpacha scileanna ceannródaíocha a thabhairt do mhic léinn agus an nuálaíocht a chothú. Moltar i dtuarascáil Draghi infheistíocht a mhéadú sa taighde agus san fhorbairt agus éiceachórais nuálaíochta a chruthú a nascann institiúidí ardoideachais, gnólachtaí nuathionscanta agus an tionsclaíocht. Chuirfeadh na héiceachórais sin ar chumas institiúidí ardoideachais gníomhú mar mhoil don dul chun cinn teicneolaíoch, rud a spreagfadh fionnachtana i réimsí ar nós na hintleachta saorga, an fhuinnimh ghlais agus na bith-theicneolaíochta. Trí mhoil taighde cheannródaíocha agus gníomhaíochta fiontraíochta a dhéanamh d'institiúidí ardoideachais na hEorpa, is féidir leis an Aontas dul chun cinn teicneolaíoch a chothú a chuirfidh ní hamháin leis an iomaíochas domhanda ach a chruthóidh poist ardluacha agus a mheallfaidh tallann freisin.

Ina theannta sin, tá tionscnaimh de chuid an Aontais ar nós comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha agus cláir Erasmus+ agus Fís Eorpach ríthábhachtach chun comhar trasnáisiúnta a chur chun cinn, rud a chuireann ar chumas institiúidí ardoideachais dea-chleachtais, acmhainní agus modhanna nuálacha teagaisc a chomhroinnt. Ní hamháin go gcuireann an comhar trasnáisiúnta le cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna ach cuidíonn sé freisin le lucht saothair éagsúil agus inoiriúnaithe a chothú atá riachtanach chun an nuálaíocht agus an fás eacnamaíoch a spreagadh san Aontas. Leis an idirghníomhaíocht dhinimiciúil sin idir an t-oideachas, an taighde agus an tionsclaíocht, is féidir institiúidí ardoideachais a chumhachtú chun ról lárnach a bheith acu maidir le geilleagar iomaíoch athléimneach a mhúnlú san Aontas, ar geilleagar é a bheidh in ann aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo.

**I bhfianaise na faisnéise a cuireadh i láthair, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí na ceisteanna thíos a mheas le haghaidh plé ar an ábhar.**

1. Conas a d'fhéadfaimis borradh a chur faoi scileanna a sheasfaidh an aimsir agus faoin iomaíochas tríd an gcéim Eorpach atá beartaithe?

2. Conas is féidir tacú le hinstitiúidí ardoideachais na hEorpa chun go mbeidh siad ina gcatalaíoch lena spreagfar iomaíochas an Aontais ar an leibhéal domhanda?